CINNEADH (CBES) 2021/487 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Márta 2021

lena leasaítear agus lena gcuirtear síneadh le Cinneadh (CBES) 2018/653 maidir le cumas stórais a bhunú le haghaidh misin shibhialtacha bainistithe géarchéime

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1), 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun críocha na n-oibríochtaí sibhialtacha bainistithe géarchéime, ba cheart freastal ar riachtanais mhear-imscartha agus oibríochtúla.

(2) An 26 Aibreán 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/653 maidir le cumas stórais a bhunú do mhisin shibhialtacha bainistithe géarchéime ([1]).

(3) Tá foráil déanta in Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2018/653 maidir le hathbhreithniú chun an méid tagartha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Chinneadh sin a mheasúnú a mhéid a bhaineann leis an méid a mheastar a bheidh riachtanach chun freastal ar iarrataí ó mhisin comhbheartas slándála sibhialta agus cosanta, agus chun riachtanais athraitheacha mhisin den sórt sin, riachtanais athraitheacha ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile an Aontais agus riachtanais athraitheacha Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh. Tá a leithéid de mheasúnú déanta ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") agus ag an gCoimisiún Eorpach. Ba é toradh an athbhreithnithe sin, mar a pléadh agus mar a comhaontaíodh é laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha de chuid na Comhairle i mí na Nollag 2019 agus i mí Eanáir 2020, nár ghá an méid tagartha airgeadais a athbhreithniú.

(4) De bhun Airteagal 7 de Chinneadh (CBES) 2018/653, lena bhforáiltear go bhféadfaidh an Chomhairle a chinneadh síneadh a chur leis an gCinneadh sin, mhol an tArdionadaí agus an Coimisiún, ina dtuarascáil leathbhliantúil chuig an gComhairle, gur cheart síneadh 18 mí a chur le Cinneadh (CBES) 2018/653, lena n-áirítear tréimhse 6 mhí chun an cumas stórais a bunaíodh leis an gCinneadh sin a thabhairt i gcrích ó thaobh an riaracháin agus an airgeadais de.

(5) Tá an tArdionadaí agus an Coimisiún chun na hullmhúcháin is gá a dhéanamh le haghaidh na socruithe stórasaithe a dhéanfar amach anseo agus cuirfidh siad a moladh tosaigh faoi bhráid na Comhairle tráth nach déanaí ná mí an Mheithimh 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/653 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"5. Áiritheoidh Gníomhaireacht na Sualainne um Theagmhais Shibhialta go mbeidh cumas iomlán oibríochtúil ag an stóras go dtí dáta éaga an Chinnidh seo. Comhaontóidh Gníomhaireacht na Sualainne um Theagmhais Shibhialta, an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus seirbhísí inniúla an Choimisiúin socruithe mionsonraithe chuige sin.

6. Áiritheoidh oibreoir chumas an stórais go ndéanfar aistriú agus trasdul rianúil chuig na socruithe stórasaithe a dhéanfar amach anseo, de réir mar a ordóidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus seirbhísí inniúla an Choimisiúin.";

([1]) IO L 108, 27.4.2018, lch. 22.

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 4:

"1. Is é EUR 46 197 384,22 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme don tréimhse 54 mhí tar éis dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear i mír 3.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm agus dul in éag

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha. Rachaidh sé in éag 54 mhí tar éis dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3).".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES